

# ELeathanach344

Dé Luain, an 9 Márta 2020

## Onward - Scannán Nua ó Pixar

Tá an scannán nua seo ón gcomhlacht *Pixar* sa phictiúrlann anois. Is é Dan Scanlon léiritheoir an scannáin agus bhí an post céanna aige ar an scannán *Monsters University*.

Tá an scannán bunaithe ar shaol Ian agus Barley. Is lucharacháin iad Ian agus Barley agus tarlaíonn a lán imeachtaí dóibh sa scannán.

Is cosúil go bhfuil an scannán taitneamhach ach go bhfuil sé brónach freisin.



## Parkrun

Timpeall an domhain, bíonn Parkrun ar siúl gach deireadh seachtaine. Bailíonn daoine le chéile i bpáirceanna le rith. Is deis iontach é an Parkrun le bualadh le daoine agus le haclaíocht a dhéanamh. Tá sé tábhachtach aclaíocht a dhéanamh go rialta.

Is féidir le haon duine ag aon aois páirt a ghlacadh ann. Bíonn an Parkrun ar siúl do dhaoine óga idir 4-14 bliana d'aois gach maidin Dé Domhnaigh ag leathuair tar éis a naoi agus bíonn sé ar siúl do gach duine eile maidin Dé Sathairn ag an am céanna.



## Lá Idirnáisiúnta na mBan

Bhí an ceiliúradh seo ar fud an domhain Dé Domhnaigh. Thosaigh na Náisiúin Aontaithe ag ceiliúradh an lae seo sa bhliain 1977. Is lá é seo chun béim a chur ar na rudaí atá bainte amach ag mná an domhain.

Bhí béim ar leith i mbliana ar chearta na mban agus ar an gcomhionannas.

Bíonn lá speisialta ann do pháistí freisin, Lá na Leanaí Uile. Thosaigh na Náisiúin Aontaithe ag ceiliúradh an lae seo roimh Lá na mBan, sa bhliain 1954. Bíonn Lá na Leanaí Uile ann gach bliain ar an 20 Samhain.

Titeann Lá Idirnáisiúnta na bhFear ar an 19 Samhain.

LÁ IDIRNÁISIÚNTA  
NA MBAN

## Bua ag Liverpool FC arís ag an deireadh seachtaine

Cúpla seachtain ó shin, scríobh Daragh Curley litir spéisiúil. Is buachaill 10 mbliana d'aois é ó Dhún na nGall agus leanann sé *Manchester United*. Scríobh sé litir chuig Jurgen Klopp atá ina bhainisteoir ar *Liverpool*.

Níor chaill *Liverpool* aon chluiche sa tsraith peile le fada agus shocraigh Daragh litir a scríobh ag iarraidh ar Jurgen Klopp seans a thabhairt do na foirne eile.

Bhí ionadh an domhain ar Dharagh nuair a tháinig litir ar ais chuige ón mbainisteoir gnóthach. Mhínigh Jurgen Klopp nach mbeadh sé in ann é seo a dhéanamh toisc go mbeadh díomá ar na daoine a lean *Liverpool*.

Ina dhiaidh sin chaill *Liverpool* trí chluiche. Ina measc bhí cluiche i gcoinne *Watford* sa tsraith. Níor tharla sin le fada don fhoireann, ach Dé Sathairn bhuaigh siad i gcoinne *Bournemouth*. Is cosúil go mbeidh an bua ag *Liverpool* sa tsraith toisc go bhfuil siad i bhfad chun tosaigh.

